



COURTS SERVICE  
*An tSeirbhís Chúirteanna*

Taifeadadh Digiteach Fuaim

---

**Treoir Faisnéise  
maidir le  
Taifeadadh Digiteach Fuaim  
sa Chúirt**

## **Taifeadadh Digiteach Fuaime a Thabhairt i Láthair sa Chúirt**

### **Cad is Taifeadadh Digiteach Fuaime ann?**

Bealach teicneolaíocht-bhunaithe is ea Taifeadadh Digiteach Fuaime (TDF) chun taifeadadh a dhéanamh ar an méid a deirtear sa seomra cúirte. Is féidir an taifeadadh a sheinm chun an méid a dúradh le linn cás a chinntiú. Tar éis don chás a bheith curtha i gcrích, is féidir athscríbhinn den mhéid a dúradh a chur ar fáil. D'fhéadfadh go dteastódh athscríbhinn i gcomhair achomhairc chuig an gCúirt Achomhairc Chóiriúil, mar shampla, nó d'fhéadfadh sé go dteastódh sé ón mbreitheamh a d'éist leis an gcás.

### **Seirbhísí um TDF**

Tá TDF á fheidhmiú ag Fujitsu Services faoi chomhaontú leis an tSeirbhís Chúirteanna. Tá Fujitsu Services freagrach as TDF a thabhairt isteach go seomraí cúirte ar fud na tíre agus as bainistiú a dhéanamh ar an gcóras taifeadta mar aon le seirbhísí gaolmhara, réiteach athscríbhinní ina measc, thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna.

### **An Scéim Phíolótach agus an Chéad Chéim Bheo**

Baineadh triail as TDF i dtreoirthionscadal in 2008. D'éirigh go maith leis an treoirthionscadail agus mar thoradh air sin úsáideadh TDF i gcásanna beo sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus i gCúirteanna Dlí Teaghlaigh na hArd-Chúirte, ó mhí Dheireadh Fómhair 2008 ar aghaidh.

### **An Próiseas Taifeadta**

Imlíne ghinearálta is ea an mhéid seo a leanas ar an bpróiseas taifeadta laistigh den seomra cúirte:

1. Suiteáladh ríomhaire caighdeánach na Seirbhíse Cúirteanna i ngach seomra cúirte. Feidhmíonn sé seo mar ghaireas taifeadta. Tá gach micreafón sa seomra cúirte ceangailte leis an ríomhaire seo. Tugtar an príomhthaifeadán ar an ríomhaire seo. Léireoidh clog taifeadta ar dheasc an Chláraitheora an t-am reatha agus an taifeadadh ar siúl. Léiríonn sraith daiseanna ar an gclog seo nach bhfuil an taifeadán ar siúl.
2. Tá an príomhthaifeadán nasctha le líonra ríomhairí na Seirbhíse Cúirteanna. Tá sé faoi réir ag beartais agus nósanna imeachta slándála líonra ríomhairí na Seirbhíse Cúirteanna. Déantar

an fhuaim a stóráil ar an bpríomhthaifeadán sa seomra cúirte agus an cás ag dul ar aghaidh. Déantar an fhuaim a chóipeáil trí líonraí na Seirbhíse Cúirteanna agus an Rialtais go hionad sonraí seachtrach áit a ndéantar an fhuaim a stóráil go buan. Tugadh isteach bearta slándála iomchuí a bhfuil ardleibhéal criptithe i gceist leo chun slándáil agus príobháideacht an taifid a chinntiú agus é á tharchur chuig an ionad sonraí.

3. Bíonn taifeadán cúltaca suiteáilte i seomraí cúirte ar eagla go dteipfeadh ar an bpríomhthaifeadán. Feidhmíonn an córas cúltaca go huathoibríoch i rith na n-uaireanta a bhíonn na cúirteanna ina suí de ghnáth. Déantar taifeadtaí ar thaifeadán cúltaca a choimeád go daingean. Níl rochtain orthu ach amháin ag innealtóir seirbhíse ar iarratas na Seirbhíse Cúirteanna. Déantar taifid chúltaca a fhorscríobh go huathoibríoch i ndiaidh tréimhse réamh-mheasta.

4. Is bogearraí ó tháirgí bogearraí *For The Record* (FTR) a úsáidtear chun taifeadtaí a dhéanamh agus a sheinm.

#### **Ullmhú na nAthscríbhinní**

1. Is taifead téacs clóscríofa focal ar fhocal iad na hathscríbhinní ar an méid a díradh i rith imeachtaí na cúirte. Is féidir le Fujitsu Services, faoi threoir na Seirbhíse Cúirteanna, taifeadtaí ar na himeachtaí cúirte a úsáid chun athscríbhinní ar imeachtaí dá leithéid a ullmhú.

2. Ní bheidh fáil ag trascríobhaithe ach amháin ar na codanna den taifeadadh, atá á stóráil ag an ionad sonraí seachtrach, a theastaíonn chun na hathscríbhinní den chás ar a bhfuil siad ag obair a réiteach. Cuireadh bearta slándála iomchuí a bhfuil ardleibhéal criptithe i gceist leo i bhfeidhm chun slándáil agus príobháideacht an taifeadta a chinntiú agus rochtain á dhéanamh air ag trascríobhaithe.

3. Is féidir brath ar thaifeadtaí agus athscríbhinní na dtaifeadtaí mar chuntas ar imeachtaí na cúirte agus ceartas á riaradh de réir Rialacha na Cúirte.

4. Is féidir taifeadtaí na n-imeachtaí cúirte a sheoladh lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chun athscríbhinní a ullmhú .i. go dtí an Nua-Shéalainn agus an Astráil.

## Tairbhí an TDF

- Is féidir le breithiúna rochtain láithreach a fháil ar thaifeadtaí na n-imeachtaí, sa chúirt nó sna seomraí
- Is féidir fianaise a shoiléiriú go tapa trí úsáid a bhaint as athchasadh fuaimne
- Is féidir le breithiúna nóta a dhéanamh den am a labhair páirtithe éagsúla, rud a chuireann ar a gcumas codanna ar leith de thaifeadadh a aimsiú go héasca.
- Déantar an Taifeadadh Cúirte a bhainistiú ar bhealach láraithe, daingean agus solúbtha
- D'fhéadfadh sé a bheith ina chúltaca d'Athbhreithnithe Breithiúnacha taifeadtaí cúirte a bheith ar fáil
- Is féidir leis an tSeirbhís Chúirteanna leas a bhaint as dul chun tosaigh a bhainfear amach i dteicneolaíocht amach anseo

*Chun breis faisnéise a fháil faoi TDF, seol teachtaireacht ríomhphoist chuig*

[DARinfo@Courts.ie](mailto:DARinfo@Courts.ie)

### **An bhaint atá ag Cosaint Sonraí leatsa**

Áit a bhfuil duine ina rannpháirtí in imeachtaí cúirte nó bainteach le hábhar na n-imeachtaí, ní féidir sonraí pearsanta an duine sin a bheith san áireamh i dtaifeadtaí na n-imeachtaí ach amháin i gcás sonraí atá bainteach leis an méid a dúradh sa chúirt.

Tá bearta slándála iomchuí curtha i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna agus Fujitsu Services chun cosc a chur ar rochtain neamhúdaraithe, nó athrú neamhúdaraithe, nochtadh nó scríosadh, ar shonraí pearsanta ar bith atá i dtaifeadtaí imeachtaí cúirte agus in athscríbhinní na n-imeachtaí céanna.

Tá Beartas Cosanta Sonraí na Seirbhíse Cúirteanna ar fáil ón Oifig Faisnéise, Teach an Fhionnuisce, Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Mar rogha eile, tá cóip den bheartas ar fáil ar ár láithreán gréasáin [www.courts.ie](http://www.courts.ie)